

Scéal, Scéal, Scéal...

Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharráige

Instagram: @pleanteangachoisfharráige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharráige

22 DEIREADH FOMHAIR 2020



AN tOIREACTHAS AR LÍNE

Ní bheidh an tOireachtas beo againn i mBóthar na Trá i mbliana ach ní bheidh muid gan Oireachtas! Tá clár breá curtha i dtoll a chéile ag an Oireachtas agus a chairde agus neart ábhair idir amhráin, ceol, damhsa, agallamha, luibíní, scéalaíocht, filíocht, scannáin, bronnadh gradaim, fógart duaiseanna, seoltaí leabhar, aitheascanna agus cainteanna i ndán dúinn ón Aoine an 23 Deireadh Fómhair go Domhnach 1 Samhain. Guíonn muid chuile rath ar an bhFéile agus ar an Ollamh Gearóid Denvir, Uachtarán an Oireachtais, fear a bhfuil cónaí air i gCois Fharráige.

Coinnigí súil ar an suíomh: www.an-toireachtas.ie le haghaidh breis eolais.



CAIFÉ CULTÚIR

Diarmuid Ó Mathúna, ó Neighbourfood an Tulach, a bheas mar aoichainteoir ag an gCaifé Cultúir an mhí seo. Beidh an ócáid fhíorúil á óstáil ar Zúm, ag Fóram Chois Fharráige um Pleanáil Teanga ar an Déardaoin 29 Deireadh Fómhair @ 11 Clárú le Katie ag 083 010 6294. Nó ar ár gcuntas Facebook.



CUIMHNEACHÁN BUAN AR MHÁIRTÍN Ó CADHAIN.

Chuir lontaobhas Uí Chadhain tús le feachtas bailithe airgid ar an 18 Deireadh Fómhair, leathchéad bliain go díreach ó bhásaigh Máirtín Ó Cadhain le cuimhneachán buan ar an bpearsa mór Gaeltachta a lonnú ina áit dúchais. Tá tionscaddaíl chuimhneacháin á bhforbairt ag an lontaobhas le cúpla bliain anuas: dealbh lánmhéide chré-umha den Chadhnach ar an Airdín Buí taobh thoir den Spidéal, fothracha áit bhreithe an Chadhnaigh ar an gCnocán Glas a shlánú agus ionad cuartaíochta a thógáil ann agus Ionad d'ealaíontóirí a bheartú agus a fhorbairt. Tá cuntas faoi leith oscailte don mhaoiniú seo i mBanc Aontas Éireann atá lonnaithe sa Spidéal, is féidir seic a sheoladh agus is féidir síntiúis a thabhairt ar líne. Is féidir cuairt a thabhairt ar an suíomh idirlín: www.máirtínócadhain.ie le tuilleadh eolais a fháil faoin iontabhas.

COMÓRTAS AR BHLADHAIRE!

Fógraíodh tamall ó shin nach mbeadh féile an Oireachtais ar siúl i mbliana. Ach, tá iarracht déanta ag an gclár Bladhaire, ar Raidió na Gaeltachta an bearna seo a líonadh. Tá comórtas cumadóireachta, leis an téama; Oireachtas na Gaeilge, á réachtáil ag an gclár. Píosa filíochta nó amhrán, dhá véarsa ar fhad, ar a mhéad atá ag teastáil. Iarrtar iarratais a sheoladh ar WhatsApp 087 3435 000 nó chuig bladhaire@rte.ie. Spriocdháta: 27 Deireadh Fómhair @ 5i.n.

BISEACH 2020 & BISEACH AR LÍNE!

Seoladh eagrán na bliana seo de *Biseach* ar Iris Aniar ar an Déardaoin 22 DF. Iris shlachtmhar 100 leathanach atá ann le hábhair spéisiúla, ilchineálacha mar aon le neart pictiúir atá ann. Tá roinnt altanna ann faoi imeachtaí stairiúla a tharla sa gceantar céad bliain ó shin in aimsir na mBlack and Tans mar aon le haltanna breátha eile. Tá fáil air i siopaí an cheantair nó seolfaidh Cló Iar Chonnacht amach chugat é ach glaoch orthu ag 091-593307. Comhghairdeachas le **Cumann Forbartha Chois Fharráige** agus le Seosamh Ó Braonáin, eagarthóir na hirise. Tá deis anois teacht ar iarchóipeanna de *Bhiseach* ar líne. Is mór an áis go bhfuil teacht anois ar an ábhar seo a thugann léargas ar shaibhreas cultúrtha, liteartha, staire agus socheolaíochta gan trácht ar acmhainn teanga Chois Fharráige. Tá na hiar chóipeanna ar fáil ag www.cartlann.ie



COMÓRTAS GRIANGHRAFADÓIREACHTA

Beidh Comhar Creidmheasa Cholm Cille ag glacadh le grianghraif suas go dtí Dé hAoine 23 DF dá gcomórtas grianghrafadóireachta. 'Mo Cheantar' atá mar théama an chomórtais. Is féidir grianghraif a sheoladh chuig feilireccccteo@gmail.com Úsáidtear na grianghraif a éiríonn leo i bhféilire 2020.



COMÓRTAS: FÍBÍN & FUTA FATA

Tá comórtas á reáchtáil ag Fíbin, i gcomhar le Futa Fata! Is féidir leabhair nó dlúthdhiosca FutaFata a bhuanachan ach grainghráf do phictiúr, phéinteáil nó píosa ealaíne a sheoladh ar WhatsApp go 085 138 9582 le hainm agus seoladh baile. Taispeánfar na pictiúir ar Cúla4 ar Scoil, Dé Luain - Déardaoin @10 agus athchraoladh @ 4. Spriocdháta: 29 D. Fómhair!



RITH CUIMHNEACHÁIN

Tá Rith Cuimhneacháin á reáchtáil ag na hOifigigh Pleanála Teanga i gcomhar le Athletics Ireland, le tacaíocht ó Udarás na Gaeltachta agus Spar. Ar an Domhnach 8ú Samhain, iarrtar ar dhaoine dul amach ina gceantair féin agus aon fhad is mian leo a shiúl nó a rith i gcuimhne ar dhuine nó ar dhaoine speisialta Le clárú, nó le tuilleadh eolais a fháil is féidir ríomhphost a sheoladh chuig optchoisfharraige@gmail.com nó glaoch ar chur ar 083 010 6294.



SCÉIN NA SAMHNA!

Fógraíodh le gairid go mbeidh Scéin na Samhna á reáchtáil ag Tuismitheoirí na Gaeltachta do theaghlaigh le páistí bunscoile, le linn an sosa meán téarma. Beidh gníomhaíochtaí éagsúla ar siúl ar líne, le dearadh mascanna, maisiúchán cácaí, cuairt ó spealadóir an bháis agus féasta na Samhna! Baileofar le chéile ar an gcóras Zúm @ 12i.n. chuile lá. Tá an tseirbhís seo saor in aisce, ach iarrfar ar dhaoine clárú roimh ré. Is féidir clárú nó tuilleadh eolais a fháil ó: meadhbh@tuismitheoir.ie Is í an Ghaeilge teanga na hócáide agus iarrtar cloí le sin.



SCÉAL, SCÉAL, SCÉAL...



Seol pictiúr nó físeán díot féin gléasta i do chulaith Shamhna le Bob nó Beart fíorúil a bhualadh! Ba bhreá linn bhur gcuid cultacha iontacha a fheiceáil agus na scéalta, amhráin nó rannta Oíche Shamhna is fearr libh a chloisteáil uaibh! Taispeánfar na pictiúir agus na físeáin ar na meáin shóisialta le linn na deireadh seachtaine: 30ú – Lá Samhna. Seol na pictiúir/físeáin ar WhatsApp @ 083 010 6294. Glacfar le pictiúir agus físeáin suas go dtí 31 Deireadh Fómhair. Duaiseanna le buachan!! Ciseán Milseán d'Oíche Shamhna, ónár gcairde ag Bláthanna Tí Mhistéil, Masc Chois Fharráige ón Spailpín Fánach, agus dearbhan €20 One4All! Beirt bhuaiteoirí a bheas ann!



CEARDLANN SCÉALAÍOCHTA

Tá ceardlann scéalaíochta á reáchtáil ag Glór na nGael! Beidh an cheardlann ar siúl ar an Satharn 24 DF @ 11r.n. faoi threoir Bríd Anna Ní Bhaoil, ar Zúm. Iarrtar ar dhaoine clárú roimh ré, ach ríomhphost a sheoladh chuig ainin@glornangael.ie



Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh i Scéal, Scéal, Scéal, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie @ 083 010 6294 faoi!

COMÓRTAS: SAOTHAR AN CHADHNAIGH!



Tá comórtas iontach á reáchtáil ag NOS i gcomhar le Cló Iar-Chonnacht, le cóip do Rogha Scéalta agus Cré na Cille, le Máirtín Ó Cadhain, a bhuanachan. Mar chuid den chomóradh atá ar bun faoi láthair ar cothrom 50 bliain bhás an Chadhnaigh. Tá bealaí ar leith, ar na meáin shóisialta le cur isteach ar an gcomórtas, is féidir treoracha a fháil ag www.nos.ie/cultur. Go n-éirí go geal libh!

